



## **AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2024 FÓGRA FAOI THOGRA CHUN PLEAN FORBARTHA CONTAE MHUINEACHÁIN, 2025-2031 A ATHRÚ (ATHRÚ BEARTAITHE UIMH. 2)**

Tugtar fógra leis seo, de bhun alt 58 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), go mbeartaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin athrú (Athrú Beartaithe Uimh. 2) a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2025-2031.

### **An Chúis le hAthrú Beartaithe Uimh. 2**

Chun Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 a athrú le bheith ag teacht le Cur chun Feidhme NPF: Ceanglais Fáis Tithíochta – Treoirlínte le haghaidh Údaráis Phleanála (2025) a eisíodh faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus a foilsíodh chun an Creat Pleanála Náisiúnta a chur chun feidhme – an Chéad Athbheithniú (2025).

Áireofar an méid a leanas leis an athrú beartaithe:

- Leasuithe ar Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 – Ráiteas i Scríbhinn.
- Leasuithe ar chriosuithe úsáide talún laistigh de bhailte Mhuineacháin, Charraig Mhachaire Rois, Bhaile na Lorgan, Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe (Léarscáileanna MTDP1, CKDP1, CYDP1, CDP1 agus BBDP1), agus
- Leasuithe ar Thagairtí Léarscáile 2.2, 2.3, 2.4, 2.5 agus 6.1 chun teorainneacha lonnaíochta athbheithnithe na mbailte a léiriú.

### **Cáipéisí Tacaíochta**

Tá an méid seo a leanas ag gabháil le hAthrú Beartaithe Uimh. 2:

- Tuarascáil Mhíniúcháin agus Leabhrán Léarscáile gaolmhar.
- Tuarascáil Scagtha maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) (ar na hiarmhairtí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol a bhaineann leis an Athrú beartaithe a chur chun feidhme) agus Scagadh gaolmhar le haghaidh Chinneadh SEA, a ullmhaíodh i gcomhréir le Treoir SEA (2001/42/CE) agus de bhun na Rialachán (Pleanáil Úsáide Talún – SEA) ón Aontas Eorpach, 2025.
- Tuarascáil Scagtha maidir le Measúnacht Chúí (AA), agus Cinneadh AA gaolmhar a ullmhaíodh i gcomhréir le Treoir AE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.
- Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte (SFRA) a ullmhaíodh i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte (2009).
- Iniúchadh ar Acmhainneacht Lonnaíochta.

### **Taispeáint don Phobal**

Is féidir an fhaisnéis uile a bhaineann le hAthrú beartaithe Uimh. 2 a fheiceáil ar líne ag: <https://monaghan.ie/planning/monaghan-county-development-plan-2025-2031-july25/>

Ina theannta sin, tá cóipeanna crua d'Athrú beartaithe Uimh. 2 le fáil freisin lena n-iniúchadh ag na suíomhanna seo a leanas:

- An Oifig Pleanála, 1 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, H18 X982 ón 9.15am- 1.00pm agus 1.30pm- 5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Mhuineacháin, An Gleann, Baile Mhuineacháin, H18 YT50 ó 9.00am- 1.00pm agus 1.30pm-5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Bhaile na Lorgan-Charraig Mhachaire Rois, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, A81 HY83, idir 9.00am-5.00pm
- Oifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois, An Diamant, Cluain Eois, Co. Mhuineacháin, H23 X378 ó 9.15am-5.15pm

### **Aighneachtaí i Scríbhinn**

Maidir le haighneachtaí i scríbhinn maidir le hAthrú beartaithe Uimh. 2, lena n-áirítear an Tuarascáil Scagtha maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, an Tuarascáil Scagtha maidir le Measúnacht Chúí agus an Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte, féadfar iad a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála ón **Déardaoin 14 Bealtaine 2026 go dtí 5pm Déardaoin 11 Meitheamh 2026.**

Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh trí cheann **AMHÁIN** de na roghanna a leanas:

- trí mheán <https://consult.monaghancoco.ie/>
- Mar ríomhphost chuig [devplan@monaghancoco.ie](mailto:devplan@monaghancoco.ie) nó
- Tríd an bpost chuig, An tAonad um Pleanáil Chun Cinn, Rannóg Pleanála, 1 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, H18 X982

In aighneachtaí i scríbhinn ní mór ainm agus seoladh iomlán an duine nó na ndaoine ag a bhfuil an aighneacht á déanamh a chur san áireamh mar aon leis an gcomhlacht nó leis an eagraíocht dá ndéantar ionadaíocht, i gcás inarb ábhartha. Foilseofar aighneachtaí i scríbhinn, lena n-áirítear ainm na ndaoine ag a bhfuil an aighneacht á déanamh, ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin laistigh de 10 lá oibre ó na haighneachtaí a fháil. Tabhair faoi deara nach bhfoilseofar do sheoladh. Ina theannta sin, i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas áireofar ainmneacha na ndaoine a rinne aighneachtaí chomh maith le hachóimre ar na saincheisteanna a ardaíodh. Foilseofar an tuarascáil sin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin freisin. Cinntigh nach mbeidh faisnéis chráiteach, chlúmhillteach ná rúnda in aighneachtaí i scríbhinn, lena n-áirítear sonraí pearsanta tríú páirtí gan toiliú.

Ní dhéanfar ach amháin aighneachtaí i scríbhinn a bhaineann leis an athrú beartaithe a fhaightear le linn na tréimhse a shonraítear thuas a chur san áireamh sula ndéantar an t-athrú. **Ní bhreithneofar aighneachtaí déanacha.**

Dá mba mhian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin bpróiseas athraithe nó dá mba mhian leat labhairt le duine den Fhoireann um Pleanáil chun Cinn, glaigh ar 047 30532.

**Cathal Flynn**

**Stiúrthóir Seirbhísí**

**Pleanáil, Forbairt Gheilleagrach, Tionscadail Chaipitil agus Athnuachan**

**14 Bealtaine 2026**